Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9820/22**

**CORDROGUE 53**
**SAN 337**
**ENFOPOL 315**
**DROIPEN 77**
**JAI 801**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 251 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle i ndáil le substaintí a chur leis an sainmhíniú ar 'dhruga' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 251 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 251 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2022
COM(2022) 251 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle i ndáil le substaintí a chur leis an sainmhíniú ar 'dhruga'**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún de bhun Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle i ndáil le substaintí a chur leis an sainmhíniú ar 'dhruga'**

## 1. Réamhrá agus bunús dlí

Le hAirteagal 8a(1) de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí[1] (dá ngairtear 'Cinneadh Réime' anseo feasta), tugtar de chumhacht don Choimisiún treoracha tarmligthe a ghlacadh chun substaintí a chur leis an liosta substaintí in Iarscríbhinn I ar cuid den sainmhíniú ar 'dhruga' iad.

Le hAirteagal 8a(2) den Chinneadh Réime ceanglaítear ar an gCoimisiún a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú an tarmligin a thugtar don Choimisiún leis an gCinneadh Réime sin. Is é is aidhm don tuarascáil seo an oibleagáid um thuairisciú a leagtar síos don Choimisiún le hAirteagal 8a(2) den Chinneadh Réime a chomhlíonadh.

Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

In éineacht le Rialachán (CE) 1920/2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí[2], leis an gCinneadh Réime déantar foráil maidir le nós imeachta trí chéim lena bhféadfar substaint shícighníomhach nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus, ar an gcaoi sin, í a chumhdach le forálacha dhlí coiriúil an Aontais maidir le gáinneáil aindleathach ar dhrugaí. Tar éis (i) tuarascáil tosaigh ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí de réir Airteagal 5b de Rialachán (CE) 1920/2006 agus (ii) measúnú riosca ó Choiste Eolaíoch Méadaithe an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí i gcomhréir le hAirteagal 5c de Rialachán (CE) 1920/2006, (iii), déanfaidh an Coimisiún, gan aon mhoill mhíchuí, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a den Chinneadh Réime.

## 2. An tarmligean a fheidhmiú

Baineadh úsáid as an gcumhacht chun substaintí a chur leis an sainmhíniú ar 'dhruga' ceithre huaire agus ghlac an Coimisiún na treoracha tarmligthe seo a leanas:

(a) 2018: Treoir Tarmligthe (AE) 2019/369 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón

[1] IO L 335, 11.11.2004, lch. 8. EUR-Lex - 02004F0757-20210609 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[2] IO L 376, 27.12.2006, lch. 1. EUR-Lex - 32006R1920 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'[3].

Le Treoir (AE) 2017/2103 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017[4], lena leasaíodh Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, rinneadh Treoir 2005/387/CGB ón gComhairle a aisghairm freisin le héifeacht ón 23 Samhain 2018. Ón uair a glacadh Treoir (AE) 2017/2103 go dtí an 23 Samhain 2018, cuireadh cúig shubstaint shícighníomhacha nua faoi réir bearta um rialú agus pionóis choiriúla faoi Chinneadh 2005/387/CGB. Mar sin féin, níor áiríodh na substaintí sícighníomhacha nua sin go fóill san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB, agus mar sin cuireadh na substaintí seo a leanas leis an Iarscríbhinn trí Threoir Tarmligthe (AE) 2019/369:

a. N-feinil-N-[1-(2-feinileitil)pipiridín-4-yl]fúrán-2-carbocsaimíd (fúráinilfeantainil), dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2170 ón gComhairle[5].

b. N-(1-aimín-3,3-démheitil-1-ocsabútán-2-il)-1-(cioglaiheicsilmeitil)-1H-iondasól-3-carbocsaimíd (ADB-CHMINACA), dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/747 ón gComhairle[6].

c. 1-(4-cianabúitil)-N-(2-feiniolaprópán-2-il)-1H-iondasól-3-carbocsaimíd (CUMYL-4CN-BINACA), dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/748 ón gComhairle[7].

d. N-feinil-N-[1-(2-feinileitil)pipiridín-4-yl]cioglaprópáncarbocsaimíd (cioglapróipilfeantanail) agus 2-meatocsa-N-feinil-N-[1-(2-feinileitil)pipiridín-4-yl]aicéataimíd (meatocsa-aicéitilfeantanail), dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1463 ón gComhairle[8].

(b) 2020: Treoir Tarmligthe (AE) 2020/1687 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an tsubstaint shícighníomhach nua N,N-dé-eitil-2-[[4-(1-meitileatocsa)feinil]meitil]-5-nítri-1H-beinsimíodasól-1-eatánaimín (iseatóineataiséin) a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'[9];

---

[3] IO L 66, 7.3.2019, lgh. 3-5. (Teacht i bhfeidhm: 27.3.2019). EUR-Lex - 32019L0369 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[4] IO L 305, 21.11.2017, lgh. 12-18. EUR-Lex - 32017L2103 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[5] IO L 306, 22.11.2017, lch. 19. EUR-Lex - 32017D2170 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[6] IO L 125, 22.5.2018, lch. 8. EUR-Lex - 32018D0747 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[7] IO L 125, 22.5.2018, lch. 10. EUR-Lex - 32018D0748 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[8] IO L 245, 1.10.2018, lch. 9. EUR-Lex - 32018D1463 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[9] IO L 379, 13.11.2020, lgh. 55-57 (Teacht i bhfeidhm: 23.11.2020) EUR-Lex - 32020L1687 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

(c) 2021: Treoir Tarmligthe (AE) 2021/802 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na substaintí sícighníomhacha nua 3,3-démheitil-2-{[1-(peant-4-ein-1-il)-1H-iondasól-3-carbóinil]aimín}bútánóáit meitile (MDMB-4ein-PINACA) agus 2-{[1-(4-fluarabúitil)-1H-iondól-3-carbóinil]aimín}-3,3-démheitiolbútánóáit meitile (4F-MDMB-BICA) a áireamh sa sainmhíniú ar “dhruga”[10];

(d) 2022: Treoir Tarmligthe (AE) 2022/1552 ón gCoimisiún an 18 Márta 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar ‘dhruga’. Leis an nGníomh sin cuireadh 2-(meitiolaimín)-1-(3-meitilfeinil)própán-1-ón (3-meitilmeiteacáitíonón, 3-MMC) agus 1-(3-clóraifeinil)-2-(meitiolaimín)própán-1-ón (3-clórameiteacáitíonón, 3-CMC) leis an liosta[11].

Cuireadh na treoracha tarmligthe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngrinnscrúdú. Foilsíodh na gníomhartha tarmligthe tar éis don tréimhse ghrinnscrúdúcháin a dhul in éag, ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon agóid ná iarradh ar shíneadh ama le linn na tréimhse sin.

## 3. Conclúid

Measann an Coimisiún gur fheidhmigh sé a chumhachtaí tarmligthe laistigh den sainordú a thugtar dó le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle.

Tíolacann an Coimisiún an tuarascáil seo de bhun Airteagal 8a(2) de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle agus iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil a thabhairt dá n-aire. Ba cheart tarmligean na gcumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a fhadú go hintuigthe ar mhaithe le leanúint de sceidealú éifeachtúil substaintí sícighníomhacha nua a áirithiú ar leibhéal an Aontais.

[10] IO L 178, 20.5.2021, lgh. 1-3 (Teacht i bhfeidhm: 9.6.2021) EUR-Lex - 32021L0802 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[11] Tá an tréimhse ghrinnscrúdúcháin le haghaidh Threoir Tarmligthe (AE) 2022/1552 ón gCoimisiún fós ar siúl tráth scríofa na tuarascála seo.